IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 429 de 2024**

---

NA RIALACHÁIN FÁN ACHT UM CHÁILÍOCHTAÍ AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA (OIDEACHAS AGUS OILIÚINT), 2012 (MUIREAR BLIANTÚIL MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA), 2024

I.R. Uimh. 429 de 2024

NA RIALACHÁIN FÁN ACHT UM CHÁILÍOCHTAÍ AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA (OIDEACHAS AGUS OILIÚINT), 2012 (MUIREAR BLIANTÚIL MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA), 2024

Déanaim, Patrick O'Donovan, An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 62 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Uimh. 28 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 451 de 2020)), na rialacháin seo a leanas:

1. (1) Na Rialacháin fán Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Muirear Bliantúil Marc Oideachais Idirnáisiúnta), 2024 is teideal do na Rialacháin seo.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 1 Meán Fómhair 2024.

2. Sna Rialacháin seo**:**

ciallaíonn "An tAcht" an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Uimh. 28 de 2012);

ciallaíonn "Údarás" Údarás Cáilíochtaí agus Dearbhaithe Cáilíochta na hÉireann arna bhunú faoin Acht;

ciallaíonn "Soláthraí Béarla" soláthraí a dheimhnigh don Údarás go bhfuil sé ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Cláir Oideachais Bhéarla a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta arna mbunú ag an Údarás faoi alt 60 den Acht;

ciallaíonn "Soláthraí Ardoideachais" soláthraí a shásaigh an tÚdarás go bhfuil sé ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Cláir Ardoideachais a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta arna mbunú ag an Údarás faoi alt 60 den Acht;

ciallaíonn "uimhir sheachtaine foghlaimeora", i leith Soláthraí Béarla d'aon seachtain, an líon iomlán foghlaimeoirí idirnáisiúnta dá soláthraítear oideachas agus oiliúint Bhéarla ar feadh 15, 60 nóiméad ar a laghad, uaireanta cláir sceidealta sa tseachtain sin;

ríomhtar "seachtainí iomlána bliantúla foghlaimeora" maidir le Soláthraí Béarla ar feadh bliana tríd an uimhir seachtaine foghlaimeora a chur le chéile do gach seachtain a chríochnaíonn sa bhliain sin;

3. Déanfar an muirear bliantúil maidir le húdarú chun an marc oideachais idirnáisiúnta is iníoctha ag Soláthraí Ardoideachais a úsáid a ríomh i gcomhréir le líon iomlán na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta atá cláraithe ar chláir oideachais agus oiliúna as a dtiocfaidh dámhachtainí a áirítear

sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí arna soláthar ag an soláthraí sa bhliain sin mar seo a leanas:

(1) Sa chás gur lú ná 200 an líon, is é €2,000 an muirear bliantúil;

(2) Sa chás go bhfuil an líon níos mó ná 199 ach níos lú ná 1,000, is é €6,000 an muirear bliantúil;

(3) Sa chás go bhfuil an líon níos mó ná 999 ach níos lú ná 4,000, is é €12,000 an muirear bliantúil;

(4) Sa chás gur mó ná 3,999 an líon, is é €20,000 an muirear bliantúil

.

4. Déanfar an muirear bliantúil maidir le húdarú chun an marc oideachais idirnáisiúnta is iníoctha ag Soláthraí Béarla a úsáid a ríomh de réir líon iomlán bliantúil na seachtainí foghlaimeora, mar seo a leanas:

(1) Sa chás gur lú ná 5,000 líon iomlán bliantúil na seachtainí foghlaimeora, is é €2,000 an muirear bliantúil;

(2) Sa chás go bhfuil líon iomlán bliantúil na seachtainí foghlaimeora níos mó ná 4,999 ach níos lú ná 15,000, is é €6,000 an muirear bliantúil;

(3) Sa chás go bhfuil líon iomlán bliantúil na seachtainí foghlaimeora níos mó ná 14,999 ach níos lú ná 25,000, is é €12,000 an muirear bliantúil;

(4) Sa chás go bhfuil líon iomlán bliantúil na seachtainí foghlaimeora níos mó ná 24,999, is é €20,000 an muirear bliantúil.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, 28 Lúnasa, 2024.

PATRICK O'DONOVAN,
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(*Níl an nóta seo mar chuid den Ionstraim agus ní airbheartaíonn sé gur léiriú dlíthiúil é*)

Forordaítear leis na Rialacháin seo an muirear bliantúil atá le híoc leis an Údarás, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, ag gach soláthraí atá údaraithe chun an marc oideachais idirnáisiúnta a úsáid, i ndáil leis an údarú sin chun an marc a úsáid.